2024/373

25.1.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/373 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Eanáir 2024

maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh cigireacht ar threalamh leata lotnaidicíde atá in úsáid a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat le haghaidh ghníomhaíocht an Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaicídí a bhaint amach ([1]), agus go háirithe Airteagal 20(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Threoir 2009/128/CE, trealamh leata lotnaidicíde atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna de chaighdeáin chomhchuibhithe, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil sé i gcomhréir leis na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta agus chomhshaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin, ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó le codanna díobh.

(2) I litir M/435 dar dáta an 24 Samhain 2008, rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) chun caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú chun tacú le Treoir 2009/128/CE.

(3) Ar bhonn iarraidh M/435 an 24 Samhain 2008, dhréachtaigh CEN caighdeán comhchuibhithe EN ISO 16122-5:2020 (córais aerspraeála).

(4) Caighdeán EN ISO 16122-5:2020 a dhréachtaigh CEN, rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN féachaint an gcomhlíonann an caighdeán sin iarraidh M/435 an 24 Samhain 2008.

(5) Comhlíonann an caighdeán na ceanglais is aidhm dó a chumhdach agus a leagtar amach i dTreoir 2009/128/CE. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí don chaighdeán sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(6) Tá tagairtí do cheithre chaighdeán chomhchuibhithe maidir le cigireacht ar spraeirí atá in úsáid foilsithe cheana féin i dTeachtaireacht 2015/C 196/02 ([3]) ón gCoimisiún: EN ISO 16122-1:2015 (ceanglais ghinearálta), EN ISO 16122-2:2015 (spraeirí bumaile cothrománacha), EN ISO 16122-3:2015 (spraeirí le haghaidh barra tor agus crann) agus EN ISO 16122-4:2015 (spraeirí seasta agus leathmhóibíleacha). Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2009/128/CE, caighdeáin a chomhlíonann na buncheanglais is aidhm dóibh a chumhdach, ba cheart liosta iomlán de na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in aon ghníomh amháin. Dá bhrí sin, ba cheart na ceithre thagairt eile sin a áireamh sa Chinneadh seo freisin. Dá bhrí sin, ba cheart Teachtaireacht 2015/C 196/02 a aisghairm.

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 71, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2009/128/oj
([2]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj
([3]) Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Threoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO C 196, 12.6.2015, lch. 4).

(7) Is éard a thugtar le fios le caighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis gurb ann do chomhréir leis na buncheanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ón dáta a fhoilsítear an tagairt don chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe i dtaca le cigireacht ar threalamh leata lotnaidicíde atá in úsáid a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2009/128/CE, tagairtí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, foilsítear leis seo iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 2

Aisghairtear Teachtaireacht 2015/C 196/02 ón gCoimisiún.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Eanáir 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
1.	EN ISO 16122-1:2015 Innealra talmhaíochta agus foraoiseachta - Cigireacht ar spraeirí atá in úsáid - Cuid 1: Ginearálta (ISO 16122-1:2015)
2.	EN ISO 16122-2:2015 Innealra talmhaíochta agus foraoiseachta - Cigireacht ar spraeirí atá in úsáid - Cuid 2: Spraeirí bumaile cothrománacha (ISO 16122-2:2015)
3.	EN ISO 16122-3:2015 Innealra talmhaíochta agus foraoiseachta - Cigireacht ar spraeirí atá in úsáid - Cuid 3: Spraeirí le haghaidh barra tor agus crann (ISO 16122-3:2015)
4.	EN ISO 16122-4:2015 Innealra talmhaíochta agus foraoiseachta - Cigireacht ar spraeirí atá in úsáid - Cuid 4: Spraeirí seasta agus leathmhóibíleacha (ISO 16122-4:2015)
5.	EN ISO 16122-5:2020 Innealra talmhaíochta agus foraoiseachta - Cigireacht ar spraeirí atá in úsáid - Cuid 5: Córais aerspraeála (ISO 16122-5:2020)